*Uimhir* 8 *de* 2022

# An tAcht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) (Leasú), 2022

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 8 *de* 2022

# AN tACHT LOINGIS CHEANNAÍOCHTA (TAISMÍ MUIRÍ A IMSCRÚDÚ) (LEASÚ), 2022

[*An tiontú oifigiúil*]

## CLÁR AN ÁBHAIR

Alt


1. Léiriú
2. Leasú ar alt 2 d'Acht 2000
3. Leasú ar alt 9 d'Acht 2000
4. Leasú ar alt 10 d'Acht 2000
5. Leasú ar alt 11 d'Acht 2000
6. Leasú ar alt 14 d'Acht 2000
7. Leasú ar alt 16 d'Acht 2000
8. Leasú ar alt 17 d'Acht 2000
9. Leasú ar alt 18 d'Acht 2000
10. Leasú ar alt 23 d'Acht 2000
11. Leasú ar alt 26 d'Acht 2000
12. Leasú ar alt 34 d'Acht 2000
13. Fógra i dtaobh taismí muirí a thabhairt d'Oifig na Suirbhéireachta Muirí
14. Foráil idirthréimhseach — leanúint d'imscrúduithe, etc., atá ar siúl
15. Leasú ar an Acht Loingis Cheannaíochta (Coinbhinsiún Sábháltachta), 1952
16. Gearrtheideal, comhlua agus forléiriú

## Na hAchtanna dá dTagraítear

Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956 (Uimh. 46)

Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018

An tAcht Cosanta, 1954 (Uimh. 18)

An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014 (Uimh. 30)

An tAcht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000 (Uimh. 14)

An tAcht Loingis Cheannaíochta (Longa a Chlárú), 2014 (Uimh. 43)

An tAcht Loingis Cheannaíochta (Coinbhinsiún Sábháltachta), 1952 (Uimh. 29)

Na hAchtanna Loingis Cheannaíochta, 1894 go 2015

An tAcht Airí agus Rúnaithe (Leasú) (Uimh. 2), 1977 (Uimh. 28)

An tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004 (Uimh. 33)

An tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997 (Uimh. 27)

*Uimhir* 8 *de* 2022

# AN tACHT LOINGIS CHEANNAÍOCHTA (TAISMÍ MUIRÍ A IMSCRÚDÚ) (LEASÚ), 2022

[*An tiontú oifigiúil*]

Acht do leasú an Achta Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000 chun socrú a dhéanamh maidir le hathrú ar chomhdhéanamh an Bhoird um Thaismí Muirí a Imscrúdú; do dhéanamh socrú maidir le fógra a thabhairt don Bhord i dtaobh taismí muirí; do dhéanamh socrú maidir le fógra a thabhairt d'Oifig na Suirbhéireachta Muirí i dtaobh taismí muirí; do leasú an mhínithe ar "Coinbhinsiún Sábháilteachta" san Acht Loingis Cheannaíochta (Coinbhinsiún Sábháltachta), 1952; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara. [16 *Bealtaine* 2022]

**Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:**

**Léiriú**

**1.** San Acht seo, ciallaíonn "Acht 2000" an tAcht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000.

**Leasú ar alt 2 d'Acht 2000**

**2.** Leasaítear alt 2 d'Acht 2000 tríd an míniú ar "Príomh-Shuirbhéir" a scriosadh.

**Leasú ar alt 9 d'Acht 2000**

**3.** Leasaítear Acht 2000 tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 9:

> "**9.** (1) 5 chomhalta ar a laghad agus 7 gcomhalta ar a mhéid, a gceapfaidh an tAire iad, a bheidh ar an mBord.
>
> (2) Na comhaltaí den Bhord a cheapfar faoi fho-alt (1), is daoine iad ag a bhfuil, i dtuairim an Aire, eolas ar leith, agus taithí agus saineolas, ar aon cheann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas (ach gan bheith teoranta dóibh):
>
> (a) rialachas corparáideach agus bainistíocht;
>
> (b) tionóiscí a imscrúdú;

(c) innealtóireacht mhuirí, eolaíocht loingseoireachta nó loingseoireacht, nó ailtireacht chabhlaigh;

(d) bainistiú sláinte agus sábháilteachta;

(e) dlí muirí agus rialáil mhuirí;

(f) cúrsaí dlí agus reachtaíochta;

(g) bainistiú priacail, airgeadas, gnó nó riarachán;

(h) nithe eile is iomchuí maidir le feidhmeanna an Bhoird.

(3) Ní bheidh na daoine seo a leanas incheaptha mar chomhalta den Bhord faoi fho-alt (1):

(a) duine a shealbhaíonn, nó a shealbhaigh aon tráth le linn na tréimhse 5 bliana díreach roimh an dáta iomchuí—

(i) post bunaithe mar státseirbhíseach mar oifigeach don Aire, nó

(ii) post neamhbhunaithe mar státseirbhíseach mar oifigeach don Aire;

(b) duine is comhairleoir speisialta, nó ba chomhairleoir speisialta aon tráth le linn na tréimhse 5 bliana díreach roimh an dáta iomchuí, don Aire nó d'Aire Stáit arna cheapadh nó arna ceapadh faoi alt 1 den Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú) (Uimh. 2), 1977 agus arna shannadh nó arna sannadh chun gníomhú mar Aire Stáit ag an Roinn Iompair.

(4) As measc chomhaltaí an Bhoird arna gceapadh faoi fho-alt (1), ceapfaidh an tAire comhalta amháin chun bheith ina Chathaoirleach nó ina Cathaoirleach ar an mBord agus comhalta eile chun bheith ina Leaschathaoirleach ar an mBord chun feidhmeanna an Chathaoirligh a chomhlíonadh le linn aon fholúntas in oifig an Chathaoirligh nó i gcás go mbeidh an Cathaoirleach as láthair óna oifig nó óna hoifig nó go mbeidh sé nó sí neamhábalta, ar aon chúis, feidhmeanna a oifige nó a hoifige a chomhlíonadh.

(5) Le linn dó nó di comhaltaí an Bhoird a cheapadh faoi fho-alt (1), beidh aird ag an Aire ar an gcuspóir gur mná a bheidh i 40 faoin gcéad ar a laghad de chomhaltaí an Bhoird agus gur fir a bheidh i 40 faoin gcéad ar a laghad díobh.

(6) San alt seo—

ciallaíonn 'Acht 2004' an tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004;

tá le 'státseirbhíseach' an bhrí a shanntar dó le hAcht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956;

tá le 'post bunaithe' an bhrí a shanntar dó le hAcht 2004;

ciallaíonn 'dáta iomchuí' an dáta a tharlóidh an folúntas i gcomhaltas an Bhoird nó, más rud é go mbeidh níos mó ná folúntas amháin le líonadh, dáta an fholúntais is túisce a tharla;

ciallaíonn 'comhairleoir speisialta' duine arna cheapadh nó arna ceapadh mar chomhairleoir speisialta faoi alt 11 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997;

tá le 'post neamhbhunaithe' an bhrí a shanntar dó le hAcht 2004.".

**Leasú ar alt 10 d'Acht 2000**

**4.** Leasaítear alt 10 d'Acht 2000—

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

"(1) Faoi réir an ailt seo, beidh an Cathaoirleach agus na comhaltaí eile den Bhord arna gceapadh faoi alt 9 i seilbh oifige ar feadh tréimhse, nach faide ná 5 bliana ó dháta an cheapacháin, de réir mar a chinnfidh an tAire agus, i gcás go rachaidh téarma oifige comhalta in éag trí imeacht aimsire, féadfar é nó í, faoi réir fho-alt (1A), a athcheapadh chun an Bhoird.",

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

"(1A) Aon chomhalta den Bhord a mbeidh 2 théarma oifige curtha isteach aige nó aici, ní bheidh sé nó sí inathcheaptha chun an Bhoird.",

(c) i bhfo-alt (2), trí "faoi alt 9" a chur in ionad "faoi alt 9(1)(a)", agus

(d) trí fho-alt (3) a scriosadh.

**Leasú ar alt 11 d'Acht 2000**

**5.** Leasaítear alt 11 d'Acht 2000 trí "faoi alt 9" a chur in ionad "faoi alt 9(1)(a)".

**Leasú ar alt 14 d'Acht 2000**

**6.** Leasaítear alt 14 d'Acht 2000—

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

"(1) (a) Faoi réir mhír (b), is é is córam do chruinniú den Bhord 3 chomhalta den Bhord.

(b) Chun críocha mhír (a), féadfaidh na daoine seo a leanas a bheith sa chóram 3 chomhalta—

(i) an Cathaoirleach agus 2 chomhalta eile,

(ii) an Cathaoirleach, an Leaschathaoirleach agus comhalta amháin eile,

(iii) an Leaschathaoirleach agus 2 chomhalta eile, nó

(iv) 3 chomhalta den Bhord, seachas an Cathaoirleach nó an Leaschathaoirleach, a bheidh i láthair ag an gcruinniú, in imthosca—

(I) nach mbeidh an Cathaoirleach i láthair ag an gcruinniú nó ina mbeidh an oifig sin folamh,

(II) nach mbeidh an Leaschathaoirleach i láthair ag an gcruinniú nó ina mbeidh an oifig sin folamh, nó

(III) ina mbeidh an Cathaoirleach agus an Leaschathaoirleach araon i láthair ag an gcruinniú agus inar gá dóibh tarraingt siar an tráth céanna faoi alt 17(1)(c),

agus déanfaidh na comhaltaí sin a bheidh i láthair duine dá líon a roghnú chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú.”,

(b) i bhfo-alt (3), trí “faoi alt 9” a chur in ionad “faoi alt 9(1)(a)”, agus

(c) trí fho-alt (4) a scriosadh.

**Leasú ar alt 16 d’Acht 2000**

**7.** Leasaítear alt 16 d’Acht 2000—

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Féadfaidh an Bord, ó am go ham, cibé sainchomhairleoirí, comhairleoirí, imscrúdaitheoirí agus soláthraithe scileanna nó saineolais eile a fhostú a mheasfaidh sé is gá chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh agus íocfaidh an Bord, as airgead a chuirfidh an tOireachtas ar fáil, aon táillí a bheidh dlite do shainchomhairleoir, do chomhairleoir, d’imscrúdaitheoir nó do dhuine eile a bheidh fostaithe amhlaidh.”,

(b) i bhfo-alt (2), tríd an leagan cuí gramadaí de “sainchomhairleoir, comhairleoir, imscrúdaitheoir nó soláthraí scileanna nó saineolais eile” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “sainchomhairleoir, comhairleoir nó imscrúdaitheoir”, agus

(c) i bhfo-alt (3), tríd an leagan cuí gramadaí de “sainchomhairleoir, comhairleoir, imscrúdaitheoir nó soláthraí scileanna nó saineolais eile” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “sainchomhairleoir, comhairleoir nó imscrúdaitheoir” gach áit a bhfuil sé.

**Leasú ar alt 17 d’Acht 2000**

**8.** Leasaítear alt 17 d’Acht 2000, i bhfo-alt (1), trí “ag sainchomhairleoir, comhairleoir, imscrúdaitheoir nó soláthraí scileanna nó saineolais eile a bheidh fostaithe ag an mBord faoi alt 16” a chur in ionad “ag sainchomhairleoir, comhairleoir nó imscrúdaitheoir a bheidh fostaithe ag an mBord”.

**Leasú ar alt 18 d’Acht 2000**

**9.** Leasaítear Acht 2000 tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 18:

**“18.** (1) Faoi réir an ailt seo, ní dhéanfaidh duine, mura rud é go n-údaróidh an Bord dó nó di déanamh amhlaidh, nó mura rud é go gceanglaítear air nó uirthi nó go gceadaítear dó ní di le dlí déanamh amhlaidh, faisnéis faoi rún a nochtadh a bheidh faighte ag an duine ina cháil nó ina cáil, nó le linn dó nó di feidhmeanna a chomhlíonadh, mar aon duine díobh seo a leanas:

(a) Cathaoirleach an Bhoird nó comhalta eile den Bhord;

(b) rúnaí an Bhoird;

(c) sainchomhairleoir, comhairleoir, imscrúdaitheoir nó soláthraí scileanna nó saineolais eile a bheidh fostaithe ag an mBord faoi alt 16, nó fostaí de chuid sainchomhairleoir, comhairleoir, imscrúdaitheoir nó soláthraí den sórt sin;

(d) duine a bheidh fostaithe ag an mBord in aon cháil eile.

(2) Ní oibreoidh aon ní san alt seo chun cosc a chur le faisnéis a nochtadh don Bhord.

(3) Maidir leis an Ard-Chúirt, ar iarratas chuici faoin alt seo ó dhuine ar deimhin leis an gCúirt ina leith gur duine é nó í a bhfuil leas leordhóthanach aige nó aici i nochtadh na faisnéise is ábhar don iarratas, féadfaidh sí aon fhaisnéis is faisnéis faoi rún a nochtadh, nó féadfaidh sí nochtadh aon fhaisnéise den sórt sin a údarú, i gcás, i dtuairim na Cúirte, go bhfuil leas poiblí sáraitheach ann i dtaca leis an bhfaisnéis áirithe lena mbaineann a nochtadh.

(4) I gcás go n-ordóidh an Chúirt, faoin alt seo, faisnéis is faisnéis faoi rún a nochtadh, déanfaidh sí téarmaí agus méid an nochta sin a chinneadh de réir mar a mheasfaidh sí is cuí.

(5) Aon duine a sháróidh fo-alt (1), beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(6) San alt seo, agus gan dochar do na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018, folaíonn 'faisnéis faoi rún' na nithe seo a leanas:

(a) an fhianaise go léir ó fhinnéithe agus na ráitis, na cuntais agus na nótaí eile go léir a ghlacfaidh nó a gheobhaidh an Bord i gcúrsa imscrúdaithe;

(b) taifid lena nochtar céannacht daoine a thug fianaise i gcomhthéacs imscrúdaithe;

(c) faisnéis a bhaineann le daoine a raibh baint acu le taisme mhuirí ar de chineál fíoríogair agus fíorphríobháideach í, lena n-áirítear faisnéis a bhaineann le sláinte daoine den sórt sin;

(d) faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, faisnéis a mbeidh sé sainráite ag an mBord ina leith go bhfuil sí faoi rún, maidir le faisnéis áirithe nó maidir le faisnéis d'aicme nó de thuairisc áirithe.".

**Leasú ar alt 23 d'Acht 2000**

**10.** Leasaítear alt 23 d'Acht 2000, i bhfo-alt (1), trí "don Bhord" a chur in ionad "don Phríomh-Shuirbhéir, nó d'aon suirbhéir muirí eile in Oifig Suirbhéireachta Muirí na Roinne Mara agus Acmhainní Nádúrtha".

**Leasú ar alt 26 d'Acht 2000**

**11.** Leasaítear alt 26 d'Acht 2000, i bhfo-alt (1)(b), trí "tar éis dul i gcomhairle leis an Aire," a scriosadh.

**Leasú ar alt 34 d'Acht 2000**

**12.** Leasaítear alt 34 d'Acht 2000—

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

"(2) Féachfaidh an Bord leis an tuarascáil a fhoilsiú tráth nach déanaí ná 12 mhí ón dáta a tharla an taisme mhuirí a mbeidh fógra tugtha dó ina taobh faoi alt 23.",

(b) i bhfo-alt (3), trí "le linn na tréimhse 12 mhí dá dtagraítear i bhfo-alt (2)" a chur in ionad "laistigh den tréimhse 9 mí", agus

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas chur in ionad fho-alt (4):

"(4) (a) Faoi réir mhír (b), féadfaidh an Bord, aon tráth le linn tréimhse mheasta a bheidh curtha in iúl aige faoi fho-alt (3), tuarascáil eatramhach nó tuarascálacha eatramhacha maidir leis an imscrúdú a fhoilsiú.

(b) I gcás nach mbeidh an Bord in ann an tuarascáil maidir le himscrúdú ar thaisme mhuirí, a mbeidh fógra tugtha dó ina taobh faoi alt 23, a fhoilsiú le linn na tréimhse 12 mhí dá dtagraítear i bhfo-alt (2), foilseoidh sé tuarascáil eatramhach amháin ar a laghad maidir leis an imscrúdú le linn na tréimhse sin.".

**Fógra i dtaobh taismí muirí a thabhairt d'Oifig na Suirbhéireachta Muirí**

**13.** (1) Déanfaidh úinéir, cairtfhostóir, máistir, scipéir, duine i bhfeighil, gníomhaire loinge, bainisteoir loinge nó céile loinge soithigh a mbeidh baint aige le taisme mhuirí, trí úsáid a bhaint as na modhanna is tapúla is féidir, fógra a thabhairt don Phríomh-Shuirbhéir nó d'aon suirbhéir muirí eile in Oifig Suirbhéireachta Muirí na Roinne Iompair i dtaobh na taisme díreach tar éis dó nó di teacht ar an eolas gur tharla nó gur thosaigh an taisme mhuirí, nó a luaithe is indéanta ina dhiaidh sin.

(2) Beidh ar áireamh san fhógra cibé faisnéis iomchuí atá ar eolas ag an duine a mbeidh an fógra i dtaobh na taisme muirí á thabhairt aige nó aici, lena n-áirítear ainm agus tuairisc an tsoithigh, suíomh an tsoithigh, líon na ndaoine ar bord agus achoimre chomh cruinn agus is féidir ar an taisme mhuirí.

(3) Aon duine a gceanglaítear air nó uirthi le *fo-alt (1)* fógra i dtaobh taisme mhuirí a thabhairt agus a mhainneoidh, gan leithscéal réasúnach, déanamh amhlaidh, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear—

(a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

(b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €100,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 2 bhliain, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(4) Féadfaidh an tAire Iompair cion achomair faoin alt seo a ionchúiseamh.

(5) Ní bheidh feidhm ag an alt seo maidir le soithí de chuid Sheirbhís Chabhlaigh Óglaigh na hÉireann ná le longa cogaidh de chuid stát eile.

(6) San alt seo—

ciallaíonn "Príomh-Shuirbhéir" an duine a bheidh i seilbh an phoist (lena n-áirítear ar bhonn sealadach), nó a bheidh ag comhlíonadh fheidhmeanna an phoist, arb é an Príomh-Shuirbhéir in Oifig Suirbhéireachta Muirí na Roinne Iompair an sainainmniú atá air;

ciallaíonn "Óglaigh na hÉireann" na fórsaí cosanta arna mbunú agus arna gcothabháil faoin Acht Cosanta, 1954;

beidh le "taisme mhuirí", "úinéir" agus "soitheach" na bríonna a shanntar dóibh le halt 2(1) d'Acht 2000;

tá le "long chogaidh" an bhrí a shanntar dó in Airteagal 29 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS), 1982 agus ciallaíonn sé long ar le fórsaí armtha stáit í agus a bhfuil marcanna a náisiúntachta uirthi ar an taobh amuigh lena ndéantar longa den sórt sin a shainiú, agus atá faoi cheannas oifigeach arna choimisiúnú nó arna coimisiúnú go cuí ag rialtas an stáit agus a bhfuil a ainm nó a hainm sa liosta seirbhíse cuí nó a chomhionann, agus ar long í atá foireannaithe ag foireann atá faoi araíonacht fórsaí armtha rialta.

**Foráil idirthréimhseach — leanúint d'imscrúduithe, etc., atá ar siúl**

**14.** (1) I gcás, díreach roimh an Acht seo a achtú, gur tosaíodh imscrúdú ar thaisme mhuirí de réir Chuid 3 d'Acht 2000 ach nár críochnaíodh é, leanfar den imscrúdú agus críochnófar é faoi réim agus de réir Acht 2000, arna leasú leis an Acht seo.

(2) I gcás, díreach roimh an Acht seo a achtú, gur tosaíodh ar thuarascáil maidir le himscrúdú ar thaisme mhuirí a ullmhú ach nár críochnaíodh í, leanfar den tuarascáil a ullmhú, agus críochnófar agus foilseofar an tuarascáil, faoi réim agus de réir Acht 2000, arna leasú leis an Acht seo.

(3) Maidir le duine a bheidh i seilbh oifige mar chomhalta den Bhord faoi alt 9(1)(a), agus maidir leis an gCathaoirleach agus an Leaschathaoirleach a bheidh i seilbh oifige, tar éis é nó í a cheapadh mar Chathaoirleach nó mar Leaschathaoirleach ar an mBord faoi alt 9(2), d'Acht 2000, díreach roimh an Acht seo a achtú, leanfaidh sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina comhalta, ina Chathaoirleach nó ina Cathaoirleach agus ina Leaschathaoirleach den sórt sin ar feadh a mbeidh fágtha de théarma a cheapacháin nó a ceapacháin faoi réim agus de réir Acht 2000, arna leasú leis an Acht seo.

(4) San alt seo, beidh le "Cathaoirleach", "imscrúdú", "taisme mhuirí" agus "tuarascáil" na bríonna a shanntar dóibh le halt 2(1) d'Acht 2000.

**Leasú ar an Acht Loingis Cheannaíochta (Coinbhinsiún Sábháltachta), 1952**

**15.** Leasaítear alt 3(1) den Acht Loingis Cheannaíochta (Coinbhinsiún Sábháltachta), 1952, tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "Coinbhinsiún Sábháilteachta" (a cuireadh isteach le halt 69 den Acht Loingis Cheannaíochta (Longa a Chlárú), 2014):

> "ciallaíonn 'Coinbhinsiún Sábháilteachta' an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir a síníodh i Londain thar ceann an Rialtais an l Samhain 1974 mar aon leis an bPrótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir a síníodh i Londain thar ceann an Rialtais an 17 Feabhra 1978 agus an Prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir a síníodh i Londain thar ceann an Rialtais an 11 Samhain 1988 agus aon leasuithe a rinneadh air anuas go dtí na leasuithe sin a ghlac

an 99ú seisiún de Choiste Muir-Shábháilteachta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta a tionóladh idir an 16 agus an 25 Bealtaine 2018 agus a tháinig i bhfeidhm i leith an Stáit de bhun Airteagal VIII roimh an *Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú)(Leasú), 2022* a rith, agus na leasuithe sin san áireamh;".

**Gearrtheideal, comhlua agus forléiriú**

**16.** (1) Féadfar an tAcht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) (Leasú), 2022 a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna Loingis Cheannaíochta, 1894 go 2022 a ghairm de na hAchtanna Loingis Cheannaíochta, 1894 go 2015 agus den Acht seo le chéile agus forléireofar le chéile iad mar aon ní amháin.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

---

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€2.54

9 781399 307574